Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13815/23

LIMITE

POLCOM 218
WTO 153
AGRI 587
UD 208
UK 197

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0342(NLE)**
**2023/0341(NLE)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13813/23 + ADD 1 and 13814/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 4 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   a) togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (13813/23 + ADD 1); agus

   b) togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.(13814/23 + ADD 1).

2. An 25 Deireadh Fómhair 2023, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dá thogra agus d'fhormhuinigh sé iad, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe sin a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13816/23 agus in 13818/23 é;

   – a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa; agus

   – cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13817/23 agus in 13818/23 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

PUBLIC